

Louth County Council Comhairle Contae Lú

Cuid XI den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú)

Cuid 8, Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú)

Leis seo tugann Comhairle Contae Lú fógra go bhfuil sé ar intinn aici oibreacha a dhéanamh ag Páirc Pitch and Putt Navvy Bank, Bóthar an Phointe, Dún Dealgan, Co. Contae Lú. Is é atá i gceist leis na hoibreacha atá beartaithe ná athfhorbairt ar tsuímh reatha chun páirc áineasa uirbí nua a chruthú, a mbeidh na nithe seo a leanas mar chuid di:

- Saoráidí seirbhísithe do champarbháin a shuiteáil, trealamh clóis shúgartha do leanaí, saoráidí spraoi teaghlaigh/mionghailf, fálú imlíne, soilsiú agus dromchlaí sábháilteachta.
- Páirceáil carranna, leithris, cosáin, colbhaí, tírdhreachú, pointí luchtaithe feithiclí leictreacha agus spásanna páirceála inrochtana a sholáthar.

De réir Airteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), tá Comhairle Contae Lú tar éis teacht ar an gconclúid, tar éis réamhscrúdú de bhun fhorálacha Airteagal 120(1)(b)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), nach bhfuil aon dóchúlacht iarbhir ann go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair ar an gComhshaol.

I gcás go measann aon duine gur dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar an gcomhshaol, féadfaidh sé nó sí, tráth ar bith roimh dheireadh na tréimhse 4 seachtaine dar tús dáta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh de réir fhorálacha Airteagal 120 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) chuig an mBord Pleanála chun cinneadh scagtha a fháil i dtaobh an dócha go mbeidh tionchar den sórt sin ag an bhforbairt.

De réir fhorálacha Airteagal 250 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú), rinne Comhairle Contae Lú scagadh le haghaidh Measúnachta Cuí ar an bhforbairt bheartaithe chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an eolais eolaíoch is fearr, an dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt, ina haonar nó i gcomhar le pleananna nó tionscadail eile, ar shuíomh Eorpach. Dá réir sin, chinn Comhairle Contae Lú nach dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bheartaithe ar shuíomh Eorpach.

Féadfar pleananna agus sonraí na forbartha beartaithe a iniúchadh nó a cheannach, ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ón **Máirt, an 14 Iúil 2026 go dtí an Mháirt, an 11 Lúnasa 2026 (an dá dháta san áireamh)**, ag oifigí Chomhairle Contae Lú le linn uaireanta oscailte don phobal ag:

Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, Co. Lú, A91 KFW6.

Beidh pleananna agus sonraí ar fáil lena n-iniúchadh ar líne freisin ag www.louthcoco.ie

Féadfar aighneachtaí nó barúlacha maidir leis an bhforbairt bheartaithe, a bhaineann le pleanáil chuif agus forbairt inbhuanaithe an limistéir ina mbeadh an fhorbairt suite, a chur isteach mar a leanas, agus an tagairt "*Páirc Áineasa Uirbí Navvy Bank – Cuid 8*" luaite go soiléir orthu:

- I scríbhinn chuig an té atá sínithe thíos ag **Comhairle Contae Lú, Halla an Chontae, Ionad na Mílaoise, Dún Dealgan, nó**
- Tríd an Tairseach Náisiúnta Pleanála Cuid 8 ag <https://planning.localgov.ie/en>

roimh 5.00 i.n. Dé Máirt, an 25 Lúnasa 2026.

Dáta: an 14 Iúil 2026

Bryan Coughlan

Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach

Príomhthionscadail Chaipitil agus Seachadadh Bonneagair
Comhairle Contae Lú